Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14033/23**

**STATIS 63**
**ECOFIN 1013**
**UEM 294**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 561 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le feidhmiú na cumhachta a tugadh don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh le Rialachán (AE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 561 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 561 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2023
COM(2023) 561 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta a tugadh don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh le Rialachán (AE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh**

## 1. RÉAMHRÁ

Le Rialachán (CE) Uimh 1893/2006 an 20 Nollaig 2006[1], leagadh síos Athbhreithniú 2 ar an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha (NACE). Leis an bpíosa reachtaíochta sin, áirithítear go bhfuil aicmithe Eorpacha ábhartha don réaltacht eacnamaíoch agus cuirtear feabhas ar inchomparáideacht aicmithe náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, cuirtear feabhas leis ar inchomparáideacht staidrimh náisiúnta, Eorpaigh agus idirnáisiúnta.

Le hAirteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006[2], tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh (i gcomhréir le hAirteagal 6a den Rialachán) lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán chun forbairtí teicneolaíocha nó eacnamaíocha a chur san áireamh nó chun NACE a ailíniú le haicmithe eile eacnamaíocha agus sóisialta.

Faoi théarmaí Airteagal 6a(2), déantar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana, dar tús an 26 Iúil 2019. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí breise 5 bliana, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. Thairis sin, ní mór don Choimisiún tuarascáil ar tharmligean na cumhachta a tharraingt suas tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana. Comhlíontar an oibleagáid sin leis an tuarascáil seo.

## 2. FEIDHMIÚ CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE AG AN gCOIMISIÚN FAOI RIALACHÁN (CE) UIMH. 1893/2006

Tar éis do Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe Athbhreithniú 5 den Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch ('ISIC Ath. 5') a ghlacadh, ba ghá aicmiú NACE a oiriúnú chun a inchomparáideacht agus a chomhsheasmhacht leis na caighdeáin maidir le haicmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha a úsáidtear ar an leibhéal idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh, IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

[2] Arna leasú le Rialachán (AE) 2019/1243 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, IO L 198, 25.7.2019, lch. 241).

Ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún[3] chun forbairtí teicneolaíocha a chur san áireamh agus chun NACE a ailíniú le haicmithe eacnamaíocha agus sóisialta eile, go háirithe ISIC Ath. 5. Le hAirteagal 2(2) den Rialachán sin, cuirtear a chur i bhfeidhm ar athló maidir le roinnt tarchur chuig an gCoimisiún (Eurostat). Tá sé tagtha chun solais ó shin go bhféadfadh sé a bheith riachtanach an dáta cur i bhfeidhm i gcás roinnt tarchur breise sonraí a chur ar athló chun leathadh amach optamach NACE a bhaint amach.

Tá ról lárnach ag aicmiú NACE atá cothrom le dáta i dtaca le hiarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin chun soláthar staidrimh Eorpaigh a nuachóiriú. Leis an aicmiú sin atá cothrom le dáta, meastar go rannchuideofar le rialachas eacnamaíoch níos fearr ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta araon, trí shonraí níos inchomparáide agus níos ábhartha.

## 3. CONCLÚID

D'fheidhmigh an Coimisiún an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cumhacht a thugtar dó le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006. Measann an Coimisiún gur cheart na cumhachtaí tarmligthe a leanúint de bheith aige faoi Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, ós rud é gur gá dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh amach anseo go tráthúil chun aicmiú NACE a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Toisc gur féidir leis aicmiú NACE a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin gníomh tarmligthe, tá an Coimisiún in ann tacú leis an gCóras Staidrimh Eorpach trí aicmiú a sholáthar a fhágann gur féidir staidreamh cruinn a tháirgeadh: (i) atá ar ardchaighdeán; (ii) a léiríonn struchtúr gheilleagar an Aontais Eorpaigh; agus (iii) atá comhsheasmhach le haicmithe eacnamaíocha agus sóisialta eile.

Thairis sin, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach amach anseo freisin, na dátaí cur i bhfeidhm a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún, a oiriúnú trí bhíthin gníomh tarmligthe.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2, IO L 19, 20.1.2023, lch. 5.